

Suirbhé Neamhspleách ar Fhás Bliantúil 2013

ECLM-IMK-OFCE

Achoimre feidhmiúcháin

Ceithre bliana tar éis thús an Chúlaithe Eacnamaíochta Mhóir, tá géarchéim fós ann don euro: tá OTN agus OTN *per capita* níos ísle ná mar a bhí siad roimh an ngéarchéim. Tá an ráta dífhostaíochta ag leibhéal nach raibh chomh hard sin riamh cheana, eadhon 11.6% den fhórsa saothair i Meán Fómhair 2012, ar léiriú é an méid sin ar éadóchas sóisialta fadmharthanach atá tagtha ann mar thoradh ar an gCúlú Eacnamaíochta Mór. Is ábhar mór inní do na rialtais náisiúnta, don Choimisiún Eorpach agus do na margaí airgeadais inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí, ach is léir nár éirigh le cláir chomhdhlúthúcháin – cinn mhóra a bhí ann i ndiaidh a chéile – dul i ngleic leis an tsaincheist sin. Go dtí seo, ba é a áitiú gurb í an déine an t-aon straitéis amháin a d'fhéadfaí a úsáid chun éalú as an tsáinn a bhí mar chloch choirnéil ag lucht déanta beartas ina dteachtaireacht do shaoránaigh na hEorpa. Ach tá an t-áitiú sin bunaithe ar fháthmheas fallásach a deir go n-eascaíonn an ghéarchéim as baothchaitheamh fioscach na mBallstát. Don limistéar Euro ina iomláine, ní sa bheartas fioscach atá préamh na faidhbe le fáil. B' éigean do rialtais dul i muinín easnaimh agus fiach níos airde agus iad ag dul i ngleic leis an gcúlú eacnamaíoch is measa ón Dara Cogadh Domhanda. Bhí rath ar an bhfreagairt fhioscach ar dhá bhealach: chuir sí stop le próiseas an chúlaithe eacnamaíoch agus mhaolaigh sí an ghéarchéim airgeadais. Mar thoradh air sin, tháinig ardú géar ar an bhfiachas poiblí sna tíortha go léir sa limistéar Euro.

Nuair a bhíonn cúrsaí mar is gnách, is saincheist fhadtéarmach í inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí ach is saincheisteanna gearrthéarmacha iad an dífhostaíocht agus fás. Fós, cé nach bhfuil an t-aistriú go dtí cúrsaí mar is gnách tugtha chun críche go fóill, is é a mhalairt de thosaíochtaí atá ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún Eorpach óir gurb eagal leo an borradh láithreach atá á thuar sna rátaí úis agus go bhfuil an Comhaontú Cobhsaíochta agus Fáis ina lainsic orthu. Léiríonn an rogha sin, go pointe áirithe, gaistí follasacha i gcreat institiúideach EMU. Ach léiríonn sé freisin an dearcadh ceartaiseach nach bhfuil an beartas fioscach in ann ag bainistiú an éilimh agus nach mór scóip na gcóras riaracháin phoiblí a shrianadh agus a theorannú. Mar thoradh ar an idéalachas seo, rinne Ballstáit déine ollmhór fioscach a chur chun feidhme nuair a bhí cúrsaí go dona.

Mas is léir anois, is straitéis é sin atá fabhtach go mór. Thug tíortha an limistéir Euro, agus go háirithe tíortha dheisceart na hEorpa, faoi chomhdhlúthú baolach a bhí leagtha amach go dona. Tá leibhéal nár facthas riamh cheana i mbeartas fioscach bainte amach ag na bearta déine. Is iad 18 bpointe de OTN an t-athrú carnach atá sa staid fhioscach don Ghréig ó 2010 go 2012. Don Phortaingéil, don Spáinn agus don Iodáil, is iad 7.5, 6.5 agus 4.8 pointe de OTN, faoi seach, bainte amach. Is mear mar a rinneadh sioncrónú ar an gcomhdhlúthú, agus as sin tá iarmhairtí diúltacha tarlaithe ar fud an limistéir euro ina iomláine, rud a mhéadaíonn éifeachtaí céadbhabhta an chomhdhlúthaithe sin. Fágann an laghdú i bhfás eacnamaíoch ina sheal féin gur lú ná riamh an dóchúlacht go mbeidh an fiachas poiblí inbhuanaithe. Is léir go mba féinchoscairt a bhí dá bhrí sin sa déine, óir go dtí seo is ábhar díomá a bhí i sa chúrsa a glacadh ionsar ísliú na n-easnamh poiblí a mhéid a bhaineann leis na spriocanna tosaigh a bhí sainithe ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún.

Ó Earrach 2011, thosaigh méadú mear ag teacht ar an dífhostaíocht in AE-27 agus sa limistéar Euro agus le bliain anuas tá an dífhostaíocht méadaithe 2 mhilliún duine. Tháinig méadú as cuimse ar an dífhostaíocht i measc na n-óg freisin i rith na géarchéime. Sa dara ráithe de 2012, bhí 9.2 milliún duine óg (15-29 bliana d'aois) dífhostaithe, arb ionann sin agus 17.7 faoin gcéad den líon daoine 15-29 bliana d'aois atá san fhórsa saothair agus sin 36.7 faoin gcéad

den líon iomlán daoine a bhí dífhostaithe in AE-27. Tháinig méadú i bhfad níos mór ar an dífhostaíocht i measc na n-óg ná mar a tháinig ar an ráta foriomlán dífhostaíochta in AE. Tá an patrún céanna le feiceáil i gcás na n-oibrithe ar scileanna ísle. Ón méid a facthas roimhe seo, is maith atá a fhios ón uair a bhaineann an dífhostaíocht leibhéal ard amach gurb iondúil go bhfanann sí ard ar feadh blianta ina dhiaidh sin. Dianseasmhacht a thugtar air sin. Chomh maith leis an ardú sa dífhostaíocht, tá le feiceáil cheana féin na chéad comharthaí sóirt go bhfanfaidh an dífhostaíocht ard sna blianta amach romhainn. Sa dara ráithe de 2012, bhí beagnach 11 mhilliún duine in AE a bhí dífhostaithe le bliain nó níos faide. Sa bhliain seo caite, tá méadú de 1.4 milliún duine tagtha ar an líon daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach in AE-27 agus is 1.2 milliún duine an méadú sin sa limistéar Euro.

Mar thoradh ar dhífhostaíocht fhadtéarmach, tá laghdú tagtha ar mhéid éifeachtach an fhórsa saothair, rud a bhféadfadh leibhéal struchtúrach níos airde sa dífhostaíocht a bheith mar thoradh air i ndeireadh thiar. Fágfaidh sé seo go mbeidh sé níos deacra forás agus córais shlána airgeadais poiblí a chruthú laistigh de AE sa mheántearma. Taobh amuigh d'éifeacht na dífhostaíochta fadtéarmaí ar an bhfás féideartha agus ar chórais airgeadais poiblí, d'fhéadfadh an dífhostaíocht fhadtéarmach a bheith ina cúis le bochtaineacht mhéadaithe mar gheall go dtiocfaidh deireadh le sochair dífhostaíochta níos túisce ná a bhíodas ag súil leis. Dá réir sin, d'fhéadfadh dífhostaíocht fhadtéarmach a bheith ina mór-shaincheist shóisialta do shochaí na hEorpa chomh maith. I bhfianaise a bhfuil tuartha againn don dífhostaíocht in AE agus sa limistéar Euro, measaimid go bhféadfadh an dífhostaíocht fhadtéarmach a bheith chomh hard le 12 mhilliún in AE agus 9 milliún sa limistéar Euro faoi dheireadh 2013. Is é an rud atá suntasach faoi seo ná gur rud é iarmhairtí an chomhdhlúthaithe atá leagtha amach go dona a bhféadfaí a bheith ag súil leis agus gur cheart go mbeití ag súil leis. Ina ionad sin, is amhlaidh gur measadh iad go mór faoi bhun an chirt. Tugadh cluas bhodhar don fhianaise theoriciúil agus eimpíreach a raibh fás ag teacht uirthi agus a thug le tuiscint go méadaítear méid na n-iolraitheoirí fioscacha nuair a bhíonn cúrsaí leochaileach. Lena rá go nithiúil, nuair a tharlaíonn laghdú de pointe amháin de OTN ar an easnamh struchtúrach le linn do chúrsaí a bheith mar is gnách, is é sin nuair a bhíonn an bhearna aschuir gar do nialas, laghdaítear an ghníomhaíocht le raon atá idir 0.5 agus 1% (is é seo an t-iolraitheoir fioscach), ach bíonn an éifeacht sin níos mó ná 1.5% nuair atá cúrsaí go dona agus fiú amháin d'fhéadfadh sé a bheith chomh hard le 2% nuair a bhíonn meathlú mór ar chúrsaí eacnamaíocha. Maidir leis na gnéithe go léir (cúlú eacnamaíoch, beartas airgeadaíochta atá ar fóir nialasach, gan aon fhritháireamh ar dhíluacháil, bearta déine i measc comhpháirtithe lárnacha trádála) arb eol ina dtaobh go gcruthaíonn siad iolraitheoirí atá níos airde ná is gnách, bhí siad ann sa limistéar Euro.

Cuireadh stad leis an téarnamh a facthas a bhí ag tarlú ó dheireadh 2009. Tharla cúlú eacnamaíoch nua sa limistéar Euro sa tríú ráithe de 2011 agus níltear ag súil go dtiocfaidh feabhas ar an gcás: táthar a thuar go dtiocfaidh laghdú 0.4% ar OTN i 2012 agus laghdú eile de 0.3% i 2013. Is dealraitheach gur meathlú éigríochta atá i ndán don Iodáil, don Spáinn, don Phortaingéil agus don Ghréig. Mhéadaigh an leibhéal dífhostaíochta go dtí leibhéal nach raibh ann riamh roimhe sin sa limistéar Euro, go háirithe sa Spáinn, sa Ghréig, sa Phortaingéil agus in Éirinn. Chlis ar an muinín a bhí ag líonta tí, ag cuideachtaí neamh-airgeadais agus ag na margaí airgeadais arís eile. Níl aon trá déanta ag rátaí úis agus tá biseach riosca ar rátaí úis le híos ag tíortha an deiscirt, nach mbeidh siad in ann coinneáil orthu á n-íoc, in ainneoin tionscnaimh bheartais éagsúla, agus ag an am céanna tá an Ghearmáin, an Ostair nó an Fhrainc ag baint tairbhe as rátaí úis atá níos ísle anois ná a bhí riamh.

Seachas díriú isteach ar easnaimh phoiblí, ní foláir aghaidh a thabhairt ar an gcúis is bonn don ghéarchéim. Is géarchéim a bhain le comhordú íocaíochtaí mar gheall ar charnadh éagothromachtaí i gcuntais reatha idir Ballstáit an limistéir Euro is mó a chuir isteach ar an limistéar sin. Nuair a thráigh na sreafaí airgeadais a bhí riachtanach chun na héagothromachtaí

sin a mhaoiniú, tháinig an ghéarchéim i dtreis faoi chló géarchéime leachtachta. Ba cheart iarrachtaí a bheith déanta chun pá ainmniúil agus praghsanna ainmniúla a choigeartú ar bhealach cothrom, rud a d'fhágfadh gurb é an dochar is lú a bheadh déanta don éileamh, don aschur agus don fhostaíocht. Ina ionad sin, féachadh le slánú a fháil trí dhéine ar fud na n-earnálacha, rud a bhrúigh síos éileamh, pá agus praghsanna tríd an dífhostaíocht a ardú. Fiú amháin más deimhin go mba chuid riachtanach den straitéis athchothromaíochta a bhí sa chomhdhlúthú fíoscach ionas go bhféadfaí srian a chur leis an róchaiteachas a bhíodh ar siúl i roinnt tíortha, bhí sé ríthábhachtach go ndéanfadh na tíortha sin a raibh barrachais mhóra ina mbuiséad, go háirithe an Ghearmáin, gníomhaíocht shiméadrach chun éileamh a spreagadh agus chun a chinntiú go mbeadh fás níos tapa ar phá ainmniúil agus ar phraghsanna ainmniúla. Seachas sin, caitheadh an t-ualach coigeartaithe sa mhullach ar na tíortha a raibh easnaimh ina mbuiséid. Rinneadh dul chun cinn áirithe chun dul i ngleic le héagothromachtaí iomaíochais, ach bhí costas ollmhór ag gabháil leis. De bhrí nach bhféadfaí a áirithiú go dtiocfadh freagairt chothromaithe ó thíortha a bhfuil barrachas ina mbuiséid, tá sé sin, freisin, ag méadú an bharrachais trádála fhoriomláin sa limistéar Euro. Ní dócha gur réiteach inbhuanaithe é sin mar go mbogann sé an coigeartú anonn ar thíortha nach bhfuil sa limistéar Euro agus déanfaidh sé sin frithghníomhaíochtaí a spreagadh.

Tá gá práinneach le díospóireacht phoiblí ar na sainceisteanna fíorthábhachtacha sin. Rinne lucht déanta beartais neamhaird, cuid mhór, díobh siúd a bhí ag easaontú, fiú amháin agus guth an easaontaithe ag fáil níos tréine. Níor cheart gur faoin gCoimisiún Eorpach go heisiach a bheadh sé cinntí a dhéanamh maidir leis an straitéis maicreacnamaíoch reatha don limistéar Euro ag an tráth áirithe seo, óir go bhfágann an creat fíoscach nua AE saoirse áirithe ag na tíortha atá sa limistéar Euro. Ar an gcéad dul síos, féadfaidh tíortha imthosca eisceachtúla a agairt agus iad ag déileáil le *'himeacht neamhghnách nach bhfuil neart ag an mBallstát lena mbaineann air agus ar imeacht é a bhfuil mórthionchar aige ar riocht eacnamaíoch an rialtais ghinearálta nó le géarchor chun donais eacnamaíoch amhail a leagtar amach in SGP athbhreithnithe'*. An dara rud, d'fhéadfaí an bealach ionsar an comhdhlúthú a éascú do thíortha a bhfuil easnaimh iomarcacha ina mbuiséid, óir go bhfuil sé ráite go ndéanfar sa mholadh ón gComhairle: *'iarrfaidh an Chomhairle go ndéanfaidh an Ballstát spriocanna buiséadacha bliantúla a bhaint amach atá mar phointe tagartha, bunaithe ar an tuar is bonn don mholadh, ar comhréir le feabhas bliantúil íosta de 0.5% ar a laghad de OTN ina chomhardú atá coigeartaithe go timthriallach, glan ó bhearta aonuaire agus ó bhearta sealadacha eile, chun a áirithiú go mbeidh ceartú ann ar an easnamh iomarcach laistigh den spriocdháta a leagtar síos sa mholadh'*. Sin an t-íosmhéid ar ndóigh, ach d'fhéadfaí féachaint freisin air mar choinníoll leordhóthanach chun an cóimheas easnamh le OTN a thabhairt ar ais i dtreo 3% agus an cóimheas fiachais a thabhairt i dtreo 60%.

Tá gá dá bhrí sin le straitéis eile a bhfuil ceithre chéim ann:

A hAon: an comhdhlúthú fíoscach a mhoilliú agus a leathadh amach, agus aird chuí á tabhairt ar na rialacha fíoscacha reatha AE. In ionad bearta déine de bheagnach EUR 130 billiún a bheith ann don limistéar Euro uile, bheadh mar thoradh ar chomhdhlúthú fíoscach cothromaithe de 0.5 pointe de OTN, i gcomhréir leis na conarthaí agus leis an gcomhshocrú fíoscach, go mbeadh corrlach nithiúil ann do 2013 ann féin i gcomhair inlíochta d'os cionn EUR 85 billiún. Bheadh an méid sin ina chodarsnacht shubstaintiúil leis na geallúintí a thug an Chomhairle Eorpach i Meitheamh 2012 agus i nDeireadh Fómhair 2012 go ndéanfaí EUR 120 billiún (nach bhfuil áirithe in aon bhuiséad go dtí seo) a chur i leataobh laistigh den Chomhaontú Fostaíochta agus Fáis go dtí 2020. Trí mhoill agus uasteorainn a chur leis an mbealach ionsar an comhdhlúthú, d'fhéadfaí an meánráta fáis don limistéar Euro i gcomhair na tréimhse idir 2013 agus 2017 a fheabhsú 0.7 pointe in aghaidh na bliana.

A dó: ní foláir do BCE gníomhú go hiomlán mar iasachtóir na rogha deiridh do na tíortha sa limistéar Euro chun faoiseamh a thabhairt do na Ballstáit ó bhrú scaoill a thagann as na margaí airgeadais. Chun go dtiocfadh deireadh leis an scaoll, caithfidh AE plean inchreidte a bheith aige a chuirfidh sé ar a súile go soiléir dá chreidiúnaithe.

A trí, méadú suntasach a dhéanamh ar an iasachtú ón mBanc Infheistíochta Eorpach mar aon le bearta eile (go sonrach úsáid na gcistí struchtúracha agus bannaí tionscadail), ionas go bhféadfar clár oibre fáis an Aontais Eorpaigh a chur ar aghaidh go ciallmhar. Ní foláir na gealltanais a bhfuil tuairisc anseo thuas orthu a aistriú isteach ina n-infheistíochtaí nithiúla.

A ceathair, comhordú dlúth ar na beartais eacnamaíocha a mbeadh sé mar aidhm leis éagothromachtaí sna cuntais reatha a laghdú. I dtaca leis an gcoigeartú, níor cheart gur ar na tíortha a bhfuil easnaimh ina mbuiséid amháin a bheifí ag brath. Ba cheart go ndéanfadh an Ghearmáin agus an Ísiltír bearta freisin chun a gcuidsean barrachais a laghdú.